An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

**Ábhar: 'My Future Fund' – An Córas Uathchláraithe Coigiltis Scoir**

A Rúnaí Boird Bainistíochta, a chara,

Is scéim nua coigiltis scoir d'fhostaithe é an tUathchlárú. Tá tús le cur leis i Meán Fómhair 2025 agus 'My Future Fund' le tabhairt air. Is é is aidhm leis an scéim ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine nach bhfuil ag íoc isteach i bpinsean ceirde ná i bpinsean forlíontach eile d'fhonn a gcaighdeán maireachtála a choinneáil tar éis dóibh dul ar scor.

An coigilteas a charnfar ó na ranníocaíochtaí fostaí, na ranníocaíochtaí fostóra agus an méid breise a chuirfidh an Stát leis, íocfar leis an rannpháirtí é tráth a slánóidh sé nó sí aois scoir an Stáit (66 bliain d'aois faoi láthair), le cois an Phinsin Stáit.

Is eol dúinn go mb'fhéidir gurb é seo an chéad uair do go leor agaibh a bheith ag breathnú ar scéim pinsin fhorlíontaigh. Ar an ábhar sin, ba mhaith linn an deis seo a thapú le sibh a chur ar bhur suaimhneas gur dearadh My Future Fund leis an uallach riaracháin a choinneáil chomh héadrom agus is féidir d'fhostóirí. Is é comhlacht nua, an tÚdarás Náisiúnta um Choigilteas Scoir Uathchláraithe (NAERSA), a dhéanfaidh plé le formhór na hoibre sin. Is é sin le rá go ndéanfaidh siad na fostaithe incháilithe a shainaithint, go ndéanfaidh siad plé le cibé acu is mian leis an bhfostaí a bheith páirteach nó nach mian, go ndéanfaidh siad plé le fostaithe ar mian leo ranníocaíochtaí a chur ar fionraí, go ndéanfaidh siad na ranníocaíochtaí a ríomh agus go dtabharfaidh siad fógra faoin méid sin uile don fhostóir ansin tríd an bpárolla.

Tá sraith físeáin faisnéise curtha le chéile ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ina mínítear an tUathchlárú agus My Future Fund d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon. Tá siad sin dírithe ar:

- An chaoi a n-oibreoidh an tUathchlárú.
- Na critéir cháilitheachta le haghaidh an Uathchláraithe.
- Na rátaí ranníocaíochta d'fhostaithe agus d'fhostóirí.
- Treoir shonrach d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon

Is féidir leat breathnú ar na físeáin ar YouTube.

Le heolas níos mionsonraithe a fháil ar a mbeidh i gceist leis an Uathchlárú duit féin agus do do chuid fostaithe, téigh chuig an láithreán gréasáin.

Beimid anseo le cabhrú le fostóirí agus an tUathchlárú á thabhairt isteach. Má bhíonn ceist ar bith agat nó má bhíonn tuilleadh cúnaimh uait, déan teagmháil le foireann an Chláir Uathchláraithe ag autoenrolment@welfare.ie.

Le gach dea-mhéin,

**Paul Orde**
*Príomhoifigeach Cúnta – Ceann Cumarsáide an Chláir Uathchláraithe*
Oifig Bainistíochta an Chláir Uathchláraithe
**An Roinn Coimirce Sóisialaí**
Department of Social Protection
**Urlár 1, Áras Mhic Dhiarmada, Sráid Stórais, Baile Átha Cliath 1, D01 WY03.**
Floor 1, Áras Mhic Dhiarmada, Store Street, Dublin 1, D01 WY03.
www.gov.ie/dsp